Comhairle Chontae na Gaillimhe

# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

## Iniúchadh Seandálaíochta Allamuigh, Baile Fearainn Chúil Each, Gaillimh

GCRR-4.03.03-32-26

Eisiúint 1 | 14 Deireadh Fómhair 2020


Sa tuarascáil seo, cuirtear treoracha agus riachtanais ar leith ár gcliaint san áireamh.

Níl sí ceaptha le haghaidh aon tríú páirtí agus ní ceart d'aon tríú páirtí brath uirthi ná ní ghlactar le haon fhreagracht i leith aon tríú páirtí.


Jab Uimhir233985-00


**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
Corporate House
Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach
Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
H91 K5YD
Éire
www.arup.com


ARUP

# Fíorú an doiciméid

ARUP

| | | |
|---|---|---|
| **Teideal an jab** | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe | **Uimhir an jab**<br>233985-00 |
| **Teideal an doiciméid** | Iniúchadh Seandálaíochta Allamuigh, Baile Fearainn Chúil Each, Gaillimh | **Tagairt an chomhaid** |
| **Tag an doiciméid** | GCRR-4.03.03-32-26 | |

| **Athbhreithniú** | **Dáta** | **Ainm an chomhaid** | GCRR-4.03.03-34-26_Iniúchadh Seandálaíochta Allamuigh, Mionlach_I1.docx | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Eisiúint 1 | 14 DF 2020 | **Tuairisc** | Eisiúint 1 | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | Faith Bailey, IAC | Martin Jones, TII | Eileen McCarthy |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm an chomhaid** | | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm an chomhaid** | | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm an chomhaid** | | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |

**Fíorú an doiciméid le heisiúint in éineacht leis an** ✓

# Clár

Leathanach

**1 Réamhrá 1**

**2 An tIniúchadh Allamuigh 1**

2.1 Láithreán CH A 2
2.2 Láithreán CH B 4
2.3 Láithreán CH C 5
2.4 Láithreán CH D 6
2.5 Láithreán CH E 7

**3 Conclúid 10**


# 1 Réamhrá

Le linn na héisteachta ó bhéal maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, rinne an tUas McDonagh aighneacht i leith roinnt láithreán ionchasach i mbaile fearainn Chúil Each, ar láithreáin iad a bhféadfadh Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, mar a bhí beartaithe, difear a dhéanamh dóibh. Le linn do Faith Bailey, as IAC Archaeology, freagra a thabhairt ar an aighneacht sin, luadh go raibh sé deacair tuairim a thabhairt faoi na láithreáin ó tharla nár tíolacadh aon mhionsonraí maidir leis na suíomhanna ina bhfuil siad. Ar an ábhar sin, agus i gcomhairle le Cigire an Bhoird Pleanála, comhaontaíodh go mbuailfeadh Faith Bailey leis an Uas McDonagh ar an láthair i gCúil Each le go bhféadfadh sé na limistéir a raibh ábhar imní aige maidir leo a shainaithint. Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe gealltanas freisin i leith na cuairt sin ar an láithreán a bheith ann.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo chun torthaí an iniúchta seandálaíochta allamuigh sin a rinne Faith Bailey as IAC Archaeology agus Martin Jones as TII ar an 29 Meán Fómhair 2020 i mbaile fearainn Chúil Each, Co. na Gaillimhe, a thaifeadadh. D'fhreastail Patrick McDonagh ar an iniúchadh allamuigh sin mar ionadaí thar ceann chónaitheoirí Mhionlaigh-Chúil Each-Bhaile an Phoill-Bhaile an Dúlaigh.

# 2 An tIniúchadh Allamuigh

Le linn an iniúchta allamuigh, shainaithin an tUas McDonagh cúig láithreán a bhféadfadh tábhacht oidhreachta cultúir a bheith acu. Tugtar tuairisc agus léiriú ar na láithreáin anseo thíos agus tá siad ainmnithe mar láithreáin Oidhreachta Cultúir (CH) A-E. Le linn an iniúchta allamuigh, bhíothas in ann a dhaingniú nach bhfuil aon cheann de na cúig láithreán laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe i ndáil le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe. I bhFíor 1 thíos, taispeántar suíomhanna láithreáin CH A go D agus, i bhfíor 2 i gCuid 2.5, taispeántar suíomh láithreán CH E.




Fíor 1: Suíomh CH A-D agus Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar atá beartaithe

## 2.1 Láithreán CH A

| | |
|---|---|
| **Láithreán:** | CH A |
| **Baile Fearainn:** | Cúil Each |
| **ITM:** | 530053/728495 |
| **Aicmiú:** | Loca ionchasach ainmhithe |
| **An t-achar ón tionscadal atá beartaithe:** | 35m soir ó thuaidh |
| **Slabhraíocht:** | 11,100 |

### 2.1.1 Tuairisc:

Is é atá sa láithreán ná imfhálú fochiorclach ‘D-chruthach’ a tógadh tadhlach le teorainn chloiche páirce atá ailínithe i dtreo soir ó thuaidh-siar ó dheas. Tá sé c. 8m soir-siar faoi c. 10m ó thuaidh-ó dheas (Plátaí 1 agus 2). Tá an t-imfhálú laistigh de bhalla cloiche tirime garbhthógtha agus tá sé suite i bhfásra dlúth c. 40m soir ó sheanrian agus 75m soir soir ó thuaidh ó ghné den tsamhail chéanna atá marcáilte i léarscáil stairiúil na Suirbhéireachta Ordanáis 1895-1900, ar gné í nach bhfuil ar marthain sa lá atá inniu ann (Fíor 1). Tá airdí éagsúla i gceist leis an mballa, agus iad sa raon ó 1m go 1.25m ar airde, agus ní léir aon bhealach isteach san imfhálú a bheith ann cé go bhfuil codanna áirithe den bhalla tite as a chéile.

Níl teorainn na páirce a bhfuil an láithreán tadhlach léi ann ar an gcéad eagrán de léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis sa bhliain 1841, ach tá sé marcáilte ar léarscáil 1895-1900. Tugann sé sin le fios gurb é an dáta is luaithe a bhaineann leis an ngné seo dáta i lár an 19ú haois, cé nach bhfuil sí marcáilte ar aon cheann de na léarscáileanna stairiúla. D'fhéadfadh sé gurb ionann an t-imfhálú agus iarsmaí póna nó imfhálaithe le haghaidh beostoic agus ba ghné choitianta den tírdhreach iar-mheánaoiseach na nithe sin, go háirithe ar thír-raon imeallach, amhail an ceantar fairsing thart ar an láithreán ina raibh ainmhithe in ann gluaiseacht thart ann.



Pláta 1: CH A, ag féachaint soir ó thuaidh



Pláta 2: CH A, ag féachaint siar ó dheas

### 2.1.2 Measúnacht Tionchair

Ní imreoidh Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, mar atá beartaithe, tionchar díreach ar an láithreán ós rud é go bhfuil sé 35m ar shiúl ó theorainn na forbartha beartaithe. I bhfianaise leibhéal an fhásra dhlúith atá ann sa cheantar, níl aon tionchair dhiúltacha neamhdhíreacha á dtuar. Meastar go mbeidh leibhéal an tionchair thuartha neodrach agus nach bhfuil gá le haon mhaolúchán eile.

## 2.2 Láithreán CH B

| | |
|---|---|
| **Láithreán:** | CH B |
| **Baile Fearainn:** | Cúil Each |
| **ITM:** | 530053/728495 |
| **Aicmiú:** | Cairn |
| **An t-achar ón tionscadal atá beartaithe:** | 65m siar ó thuaidh |
| **Slabhraíocht:** | 11,025 |

### 2.2.1 Tuairisc

Tá dhá charn bheaga ann sa láithreán seo agus tá an dá cheann acu tuairim is 1m ar airde agus c. 1.5-2m ar leithead ag a mbun (Fíor 1, Pláta 3). Tá na gnéithe suite laistigh de cheantar pábhála aolchloiche agus, i bhfianaise an méid mór cloch atá ann sa tírdhreach in aice láimhe, ní dócha gurb ionann iad agus iarracht chun na clocha a thabhairt chun bealaigh ón tírdhreach. Is é is dóiche ná gurb ionann iad agus marcóir sa tírdhreach a bhféadfaí úsáid a dhéanamh as chun taisteal trí thír-raon imeallach, ar saintréith de limistéir ina bhfuil pábháil chloiche agus scrobarnach dhlúth, le linn a bheith ag tóraíocht ar bhia nó ag tabhairt aire do bheostoc. Is gnéithe iad a tógadh go garbh le clocha tirime agus ní féidir iad a dhátú. Cé nach bhfuil na gnéithe marcáilte ar léarscáileanna stairiúla na Suirbhéireachta Ordanáis, is dócha gur de thionscnamh iar-mheánaoiseach nó de thionscnamh tréimhse is nua-aoisí ná sin iad.

### 2.2.2 Measúnacht Tionchair

Ní imreoidh Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, mar atá beartaithe, tionchar díreach ar an láithreán ós rud é go bhfuil sé 65m ar shiúl ó theorainn na forbartha beartaithe. I bhfianaise achar an láithreáin ó Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, mar atá beartaithe, agus i bhfianaise an fhásra atá ann idir eatarthu, níl aon tionchair dhiúltacha neamhdhíreacha a dtuar. Meastar go mbeidh leibhéal an tionchair thuartha neodrach agus nach bhfuil gá le haon mhaolúchán eile.



Pláta 3: CH B, ag féachaint ó thuaidh

## 2.3 Láithreán CH C

| | |
|---|---|
| **Láithreán:** | CH C |
| **Baile Fearainn:** | Cúil Each |
| **ITM:** | 529967/728291 |
| **Aicmiú:** | Gné ionchasach charraig-ghearrtha |
| **An t-achar ón tionscadal atá beartaithe:** | 72m siar ó dheas |
| **Slabhraíocht:** | 11,015 |

### 2.3.1 Tuairisc

D'fhéadadh sé gurb ionann an ghné seo agus iarsmaí gné carraig-ghearrtha, ar gné í ar a bhfuil cruth fodhronuilleogach uirthi agus í c. 04-06m ar doimhneacht (Fíor 1, Pláta 4). Ní léir céard í feidhm na gné seo ós rud é go bhfuil sí suite i limistéar pábhála aolchloiche agus, mar gheall chineál briste na carraige, nach mbeadh sí in ann uisce nó leacht a choinneáil inti gan cineál éigin líneálaigh a bheith ann. D'fhéadfadh sé gurb ionann an ghné agus iarsmaí cairéalaithe áitiúil ach ní dóigh gurb é sin a bhí i gceist, de réir dealraimh, i bhfianaise an méid clocha scaoilte atá ar an talamh sa cheantar. D'fhéadfadh sé i gcónaí gur gné nádúrtha é seo ar síonchaitheamh nó rith uisce chun srutha is cúis léi.

### 2.3.2 Measúnacht Tionchair

Ní imreoidh Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, mar atá beartaithe, tionchar díreach ar an láithreán ós rud é go bhfuil sé 72m ar shiúl ó theorainn na forbartha beartaithe. I bhfianaise leibhéal an fhásra dhlúith atá ann sa cheantar idir an ghné seo agus Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, mar atá beartaithe, níl aon tionchair dhiúltacha neamhdhíreacha á dtuar. Meastar go mbeidh leibhéal an tionchair thuartha neodrach agus nach bhfuil gá le haon mhaolúchán eile.



Pláta 4: CH C, ag féachaint siar ó dheas

## 2.4 Láithreán CH D

| | |
|---|---|
| **Láithreán:** | CH D |
| **Baile Fearainn:** | Cúil Each |
| **ITM:** | 529975/728267 |
| **Aicmiú:** | Gné fhoirgnithe |
| **An t-achar ón tionscadal atá beartaithe:** | 92m siar ó dheas |
| **Slabhraíocht:** | 11,020 |

### 2.4.1 Tuairisc

Tá an ghné bheag fhoirgnithe seo suite i limistéar pábhála aolchloiche c. 92m siar ó dheas ón scéim bóthair atá beartaithe. Cuimsíonn an ghné dhá limistéar bheaga dhronuilleogacha laistigh de bhallaí cloiche tirime garbhthógtha (Fíor 1, Pláta 5). Tá na ballaí atá ina seasamh fós c. 1m ar airde agus tá siad tadhlach le balla cloiche teorann páirce atá marcáilte den chéad uair ar léarscáil 1928-29 na Suirbhéireachta Ordanáis. Tugann sé sin le fios gur tógadh an ghné idir na blianta 1895 agus 1929. Ní léir céard é feidhm na gné seo ach d’fhéadfadh sé gur úsáideadh í mar bhoth buailteachais nó mar fhoscadán beag den tsamhail chéanna a úsáideadh nuair a bhí aire á tabhairt d’ainmhithe i dtírdhreach imeallach.




Pláta 5: CH D, ag féachaint siar ó thuaidh

### 2.4.2 Measúnacht Tionchair

Ní imreoidh an tionscadal atá beartaithe tionchar díreach ar an láithreán ós rud é go bhfuil sé 92m ar shiúl ó imeall na dtailte a bhfuil gá leo le haghaidh na scéime. I bhfianaise leibhéal an fhásra dhlúith atá ann sa cheantar idir an ghné seo agus an tionscadal atá beartaithe, níl aon tionchair dhiúltacha neamhdhíreacha á dtuar. Meastar go mbeidh leibhéal an tionchair thuartha neodrach agus nach bhfuil gá le haon mhaolúchán eile.

## 2.5 Láithreán CH E

| | |
|---|---|
| **Láithreán:** | CH E |
| **Baile Fearainn:** | Cúil Each |
| **ITM:** | 529927/728203 |
| **Aicmiú:** | Gné fhoirgnithe |
| **An t-achar ón tionscadal atá beartaithe:** | 166m siar ó dheas |
| **Slabhraíocht:** | 11,000 |




Fíor 2: Suíomh CH E agus Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar atá beartaithe

### 2.5.1 Tuairisc

Tá an ghné bheag fhoirgnithe seo suite i limistéar pábhála aolchloiche c. 166m siar ó dheas ó Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar atá beartaithe. Tá sí suite 77m siar ó dheas ó CH D, ar gné í sin a bhfuil cruth den tsamhail chéanna uirthi. Cuimsíonn an ghné dhá limistéar bheaga dhronuilleogacha laistigh de bhallaí cloiche tirime garbhthógtha (Pláta 6, Fíor 2). Tá na ballaí atá ina seasamh fós c. 0.5m ar airde, agus iad comhchosúil le CH D, agus tá siad tadhlach le balla cloiche teorann páirce atá marcáilte den chéad uair ar léarscáil 1895-1900 na Suirbhéireachta Ordanáis. Ní léir céard é feidhm na gné seo ach d'fhéadfadh sé gur úsáideadh í mar bhoth buailteachais nó mar fhoscadán beag a úsáideadh nuair a bhí aire á tabhairt d'ainmhithe i dtírdhreach imeallach nó d'fhéadfadh sé gurb ionann í agus gné stórála. I bhfianaise cé chomh gar dá chéile atá siad i dtírdhreach imeallach, is dócha go bhfuil CH D agus CH E bainteach lena chéile.



Pláta 6: CH C, ag féachaint siar ó dheas

### 2.5.2 Measúnacht Tionchair

Ní imreoidh Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, mar atá beartaithe, tionchar díreach ar an láithreán ós rud é go bhfuil sé 166m ar shiúl ó theorainn na forbartha beartaithe. I bhfianaise leibhéal an achair idir an ghné seo agus Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, mar atá beartaithe, níl aon tionchair dhiúltacha neamhdhíreacha á dtuar. Meastar go mbeidh leibhéal an tionchair thuartha neodrach agus nach bhfuil gá le haon mhaolúchán eile.

# 3 Conclúid

Mar fhocal scoir, tá gach ceann ar leith de na cúig láithreán ar tugadh cuairt orthu in éineacht leis an Uas McDonagh i rith mhí Mheán Fómhair 2020 suite lasmuigh de na tailte a bhfuil gá leo le haghaidh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe. Ní imreofar tionchair dhiúltacha de chineál díreach nó neamhdhíreach ar aon cheann de na láithreáin de bharr thógáil nó oibriú Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar atá beartaithe. Níl aon cheann de na láithreáin infheicthe mar ghnéithe ionchasacha sna léarscáileanna stairiúla ná i ngrianghraif a tógadh ón aer ná ní dhearnadh aon cheann acu a thaifeadadh roimhe seo mar láithreáin seandálaíochta nó ailtireachta. Mar thoradh ar a suíomh lasmuigh de theorainn Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, mar atá beartaithe, níor sainaithníodh na láithreáin le linn an iniúchta allamuigh a rinneadh i ndáil leis an Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta i leith Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe.

Is dócha go mbaineann na gnéithe atá sainaitheanta le fearachas ainmhithe agus le húsáid an tírdhreacha in áiteanna imeallacha ar saintréith díobh pábháil aolchloiche agus scrobarnach dhlúth. Is dealraitheach go mbaineann na gnéithe le tréimhse iar-mheánaoiseach, nó go bhfuil siad measartha nua-aoiseach, agus, cé nach léir a bhfeidhm go follasach, is dealraitheach go bhfuil an cruth atá orthu bainteach go dlúth leis an tírdhreach pábhála aolchloiche ina bhfuil siad suite.